Trí aird a thabhairt ar an ról speisialta atá ag an gCanáil Ríoga sa phobal, agus a hainmniúchán mar struchtúr atá faoi chosaint, tá sé mar aidhm leis an nGlasbhealach Uirbeach an timpeallacht atá feadh na conaire a chosaint agus a fheabhsú.

## Cuir do Thuairim in iúl

Tá comhairliúchán poiblí ar líne á reáchtáil anois don Bhealach is Dealraithí a Roghnófar don scéim agus fáiltíonn Comhairle Contae Fhine Gall roimh aon tuairimí a d'fhéadfadh a bheith agaibh maidir leis an togra agus tá foireann an tionscadail ag súil leis an dearadh atá á fhorbairt a phlé libh mar aon leis na chéad chéimeanna eile den phróiseas pleanála.

Cuir do thuairim in iúl trí na pleananna a athbhreithniú agus aiseolas a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall:

**https://consult.fingal.ie**

Ba cheart d'ainm, do sheoladh agus más cuí, an comhlacht nó an eagraíocht a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat air/uirthi, a shonrú sna haighneachtaí. Foilseofar d'ainm, nó ainm na heagraíochta a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat ar a son ar shuíomh gréasáin an chomhairliúcháin agus cuimseofar é sa liosta aighneachtaí a d'fhéadfaí a fhoilsiú agus a roinnt le Ranna ábhartha na Comhairle agus gníomhairí atá ag obair ar a son.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais an **7 Iúil 2021** agus ní mór go mbeadh aighneachtaí poist agus ar líne faighte roimh **11:59pm** ar an **7 Iúil 2021**.

## How to submit your feedback

Alternatively, you can send a written submission by post to:

Royal Canal Greenway
Senior Executive Officer,
Planning and Strategic Infrastructure Department,
Fingal County Council,
County Hall,
Main Street,
Swords,
Co. Dublin, K67 X8Y2

---

Nó is féidir leat aighneacht i scríbhinn a sheoladh chuig:

Glasbhealach na Canálach Ríoga
An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach,
An Roinn Pleanála agus Infreastruchtúir Straitéisigh,
Comhairle Contae Fhine Gall,
Áras an Chontae,
An Phríomhshráid,
Sord,
Co. Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2

**Visit:**
fingal.ie/royalcanalurbangreenway
**Follow us on:**
@fingalcountycouncil fingalcoco fingalcoco

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# Royal Canal Urban Greenway

## Public Consultation
## May – July 2021



## Development Description

Fingal County Council in conjunction with the NTA and Waterways Ireland is proposing to develop the **Royal Canal Urban Greenway**, which will provide a safe, high quality, sustainable transport and recreational route serving Castleknock, Blanchardstown, Clonsilla, Coolmine and the wider Dublin 15 area.

The proposed Urban Greenway will encourage recreation while offering an attractive alternative transport choice for school children and commuters, bringing significant environmental, economic and health benefits to the wider community.





*'Artists impression of proposed Royal Canal Urban Greenway'*

Conscious of the special place that the Royal Canal holds within the community, and its designation as a protected structure, the Urban Greenway aims to protect and enhance the existing environment along the corridor.

## Have Your Say

An online public consultation is now underway for the Preferred Route for the scheme and Fingal County Council would welcome any comments you might have on the proposal and the project team looks forward to engaging with you to discuss the developing design and the next steps in the planning process.

Have your say by reviewing the plans and giving feedback on the Fingal County Council website:

**https://consult.fingal.ie**

Any submissions should state your name, address and where relevant, the body or organisation you are representing. Your name, or that of the organisation you represent will be published on the consultation website and will appear on the list of submissions which may be published and shared with relevant Council Departments and agents working on their behalf.

The closing date for receipt of submissions is the **7th of July 2021** with postal and online submissions to be received before **11:59pm** on the **7th July 2021**.

---

## Cur Síos ar an bhForbairt

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Uiscebhealaí Éireann **Glasbhealach Uirbeach na Canálach Ríoga** a fhorbairt, a sholáthróidh bealach iompair inbhuanaithe agus áineasa sábháilte agus ar ardchaighdeán a bheidh ag freastal ar Chaisleán Cnucha, Baile Bhlainséir, Cluain Saileach, Cúil Mhín agus an ceantar mórthimpeall ar Bhaile Átha Cliath 15.

Spreagfaidh an Glasbhealach Uirbeach atá beartaithe áineas agus tairgfidh sé rogha mhalartach mhealltach iompair do leanaí scoile agus do chomaitéirí, agus beidh buntáistí suntasacha timpeallachta, geilleagracha agus sláinte don phobal trí chéile mar thoradh air freisin.

